Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13957/18**

**COAFR 278**
**CFSP/PESC 1049**
**CSDP/PSDC 659**
**DEVGEN 210**
**MIGR 189**
**COHOM 142**
**COHAFA 100**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An tSúdáin - Conclúidí ón gComhairle (19 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin, a glacadh ag an 3652ú cruinniú de chuid na Comhairle ar an 19 Samhain 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin**

1. Tá ról ríthábhachtach fós agus feasta ag an tSúdáin i dtaca le síocháin agus cobhsaíocht i gCorn na hAfraice agus máguaird. Is gearr uainn anois toghcháin na bliana 2020. Tá ré nua linn agus an comhar chun cinn i limistéar Chorn na hAfraice. Ós amhlaidh atá, tá an tAontas Eorpach ar tinneall le rannpháirt a ghlacadh san idirphlé agus sa chomhar atá ar siúl le tamall le Cartúm. Beidh rannpháirtíocht an Aontais ag brath ar an dul chun cinn a bheidh le taispeáint ag an tSúdáin i dtaca lena tiomantas don athchóiriú inmheánach, lena n-áirítear cearta an duine agus an dea-rialachas, éascú an chúnaimh dhaonnúil, an tsíocháin inbhuanaithe, agus ról cuiditheach a imirt sa réigiún. In ainneoin ar baineadh amach le déanaí, is iomaí dúshlán fós le sárú sa tír: deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, clár oibre leathan don athchóiriú polaitiúil ach é fós gan comhlíonadh, gátar daonnúil ar mórscála agus coinbhleachtaí inmheánach gan réiteach. Dá ndéanfaí dul chun cinn sa tSúdáin, d'fhéadfadh sin lorg dearfach a fhágáil ar an réigiún féin agus ar an limistéar máguaird, lena n-áirítear i dtaca leis an tslándáil réigiúnach, le cúrsaí imirce, agus leis na comhthéacsanna daonnúla.

2. Is ceart don tSúdáin leas a bhaint as an tréimhse idir seo agus toghcháin na bliana 2020 chun a tiomantas a léiriú i dtaca leis na hathchóirithe trí rannpháirtíocht iomlán a cheadú dá cuid saoránach go léir i bpróiseas cuimsitheach polaitiúil gan aon srian ar a gcearta aonair. Ach na cúinsí a bheith ceart, tá an Chomhairle sásta féachaint ar cé mar ab fhearr a d'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt do Rialtas na Súdáine i dtaca leis an tsaincheist sin. Más ea, tá imní mhór fós ar an gComhairle faoin gcrapadh atá ag tarlú ar an spás a thugtar don tsochaí shibhialta agus faoin ngéarleanúint a bheith á déanamh ar lucht cosanta cearta daonna, ar mhic léinn, ar ghníomhaithe polaitiúla, ar iriseoirí neamhspleácha agus ar oibrithe eile sna meáin, gan trácht ar scéal na mban is na ngearrchailí sa tír. Molann an Chomhairle go mór d'údaráis na Súdáine lánurraim a thabhairt don cheart tuairimí a nochtadh, don cheart preas a bheith ann, don cheart rochtana ar fhaisnéis, don cheart chun comhlachais agus comhthionól síochánta, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Is den ríthábhacht go dtugtar faoi réim an cheartais iad siúd a sháraíonn cearta an duine nó a dhéanann mí-úsáid orthu. Iarrann an Chomhairle ar an tSúdáin comhoibriú go hiomlán leis an réim ceartais idirnáisiúnta i ngleic na saoirse ó phionós, agus meabhraítear di an oibleagáid atá ar Rialtas na Súdáine comhoibriú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta de bhun rún 1593 ó CSNA. Is den riachtanas fós agus feasta gur de réir comhleasanna na saoránach – gan beann ar inscne, aois, reiligiún agus/nó cúlra eitneach – a dhéanfar rialú ar gach próiseas athbhreithnithe bunreachtúil, agus go mbeadh sin bunaithe ar chomhdhearcadh fairsing, faoi mar a leagtar síos freisin in Airteagal 10 den Chairt Afracach um Dhaonlathas, um Thoghcháin agus um Rialachas.

3. Iarrann an Chomhairle ar an tSúdáin í féin a thiomnú do chur chun feidhme clár oibre fónta chun an geilleagar a athchóiriú, agus a áirithiú san am céanna go dtabharfar tacaíocht phras agus leordhóthanach dóibh siúd is géire gátar, agus go n-oibreoidh sí go dlúth leis na hinstitiúidí agus comhpháirtithe idirnáisiúnta airgeadais. Tá imní ar an gComhairle i gcónaí faoin ngéarchéim eacnamaíoch atá fós ar siúl sa tSúdáin. Má táthar le haeráid infheistíochta na tíre a fheabhsú d'fhonn infheistíochtaí díreacha a mhealladh ón gcoigríoch (lena n-áirítear ón Aontas Eorpach), ní mór bainistiú fónta a dhéanamh ar an ngeilleagar agus go mbeadh ann córas iontaofa breithiúnach.

4. Molann an Chomhairle freisin do Rialtas na Súdáine saothrú chun spriocanna forbartha inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 a bhaint amach agus chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme. Iarrann sí freisin ar gach gníomhaí idirnáisiúnta atá ag tabhairt tacaíochta don tSúdáin sin a dhéanamh go trédhearcach agus i gcomhréir le riachtanais forbraíochta na tíre.

5. Molann an Chomhairle dóibh siúd go léir atá rannpháirteach sna coinbhleachtaí atá ar siúl sa tSúdáin a ndeis a thapú agus a léiriú go bhfuil siad tiomanta i ndáiríre tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht ar son na síochána. 'Troigh sa treo ceart is ea na dearbhuithe frithpháirteacha maidir le sos comhraic aonfhoirmeach in Darfur, in Kordofan Theas agus sa Níl Ghorm. Mar sin féin, is é cur chun feidhme cuimsitheach an Treochláir a réitigh Painéal Feidhmiúcháin Ardleibhéil an Aontais Afracaigh (AUHIP) is bonn fós agus feasta le síocháin inbhuanaithe a chuirfidh deireadh leis na coinbhleachtaí seo ar fada an lá ar siúl iad. I dtaca leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí eadrána atá fós ar siúl chun teacht ar réiteach polaitiúil ar na coinbhleachtaí sin; tacaíonn sé leis na hiarrachtaí sin.

6. Bíodh is go bhfuil an scéal ar dhroim talún fós luaineach agus gurbh fhurasta dó athrú, tugann an Chomhairle dá haird go bhfuil feabhas tagtha ar chúrsaí slándála sna ceantair sin atá buailte ag coinbhleacht. Molann an Chomhairle do Rialtas na Súdáine a sheacht ndícheall a dhéanamh le slándáil agus seirbhísí bunúsacha a chur ar fáil in Darfur, in Kordofan Theas agus sa Níl Ghorm. Is ceart tús áite a thabhairt do na nithe seo: a áirithiú go ndéantar an smacht reachta agus cearta an duine a lánurramú, cosaint sibhialtach, cothú an athmhuintearais idirphobail, agus aghaidh a thabhairt ar an méid is bunchúis leis an gcoinbhleacht. Tugann an Chomhairle dá haird a thábhachtaí ata Oibríocht Hibrideach na Náisiún Aontaithe – an Aontais Afracaigh in Darfur (UNAMID), agus dearbhaíonn sí an athuair go dteastaíonn straitéis scoir thagarmharcáilte i gcomhair UNAMID, mar a thíolaic Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe. Is mian leis an gComhairle a athdhearbhú nach mór a áirithiú go mbainfear tuilleadh éadála as ar baineadh amach le deich mbliana anuas i dtaca le cobhsaíocht agus forbairt, agus nach bhfágtar aon bhearnaí – tráth a mbeifear ag tacú le próiseas na síochána agus ag faireachán chearta an duine – i dtaca le cosaint sibhialtach. Iarrann an Chomhairle ar Rialtas na Súdáine comhoibriú leis na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear meitheal na Náisiún Aontaithe sa tSúdáin, d'fhonn a áirithiú gur dea-thoradh a bheidh ar an aistear ó choinneáil na síochána go cothú na síochána.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht na Súdáine i bPróiseas Chartúm agus i gcur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Vaileite, agus aithníonn sí gur thug an tSúdáin isteach líon mór iarrthóirí tearmainn, dídeanaithe, agus imirceach. Tá an tAontas Eorpach, go háirithe trí Chiste Iontaobhais an Aontais don Afraic (EUTF), tiomanta anois agus feasta do thacaíocht a chur ar fáil do dhídeanaithe, dóibh siúd a easáitíodh ina dtír féin, agus dóibh siúd sa tSúdáin a thug isteach iad.

8. Tá géarchéimeanna daonnúla ar mórscála fós ag luí go trom ar an tSúdáin agus baint acu le coinbhleacht inmheánach, le tearc-chothú, leis an éagobhsaíocht réigiúnach, le tubaistí nádúrtha agus leis an athrú aeráide. Tá líon na riachtanas daonnúil ardaithe a thuilleadh i ngeall go bhfuil dídeanaithe as Deisceart na Súdáine fós ag sreabhadh isteach; anuas air sin, ní chuidíonn an ghéarchéim eacnamaíoch ná an t-ardú as cuimse atá tagtha ar na rátaí boilscithe leis an scéal. Iarrann an Chomhairle ar Rialtas na Súdáine agus ar ghluaiseachtaí armtha rochtain shábháilte, phras, dhaonnúil gan bhac a áirithiú i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe, dóibh siúd go léir atá i ngátar, lena n-áirítear sna limistéir sin de chuid Darfur, Kordofan Theas agus na Níle Goirme atá buailte ag an gcogaíocht. Iarrann an Chomhairle ar an Rialtas éascú a dhéanamh ar mheasúnú neamhspleách riachtanas agus ar bhailiú sonraí ós den riachtanas a leithéid chun freagairt éifeachtach phras a thabhairt ar gach riachtanas. Tá an tAontas tiomanta anois agus feasta do thacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn cúnamh daonnúil agus cosaint uathu. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas den nasc atá idir earnáil na daonnúlachta agus na forbartha a chur chun gnímh, i ngach áit a mbeidh baint aige leis an tSúdáin, i gcomhordú leis na hiarrachtaí atá ar siúl ar son na síochána agus na cobhsaíochta.

9. Iarrann an Chomhairle ar an tSúdáin rannpháirt chuiditheach a ghlacadh de thaca leis an gcobhsaíocht sa réigiún, go háirithe trí phróiseas a stiúrfaidh na comhlachtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha ábhartha. Ó tharla gur stát í an tSúdáin a shíneann le muir (An Mhuir Rua) agus a bhfuil an Níl ag gabháil síos tríthi, tá áit ríthábhachtach aici i ngeopholaitíocht Chorn na hAfraice agus an limistéir máguaird; mar bhall den Údarás Idir-Rialtasach ar Fhorbairt (IGAD), tá sí páirteach i bpróiseas na síochána sa tSúdáin Theas. Is mór an díol sásaimh don Chomhairle an plé tríthaobhach leanúnach atá ar siúl idir an Éigipt, an Aetóip agus an tSúdáin maidir le Damba Mhór-Athbheochan na hAetóipe. Iarrann an Chomhairle ar an tSúdáin oibriú go dlúth leis an Aontas Afracach agus leis an gcomhphobal idirnáisiúnta ar mhaithe leis an Tionscnamh Afracach ar son na Síochána agus an Athmhuintearais i bPoblacht na hAfraice Láir.